AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.2.2024
COM(2024) 66 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta arna tabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch

1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch in 2004. Tháinig sé i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2004 agus bhí feidhm aige ón 1 Eanáir 2006.

Cuireadh an Rialachán in ionad chorpas iomlán na reachtaíochta sláinte poiblí comhchuibhithe (16 Threoir) agus déantar foráil ann maidir le rialacha níos simplí agus níos solúbtha, agus cur chuige riosca-bhunaithe agus freagracht oibreoirí gnólachtaí bia maidir le sábháilteacht a gcuid táirgí a áirithiú.

Leis an Rialachán, cumhachtaítear an Coimisiún roinnt gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Ina theannta sin, cuireann sé ceangal ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na gcomhreachtóirí maidir le feidhmiú na gcumhachtaí tarmligthe sin.

2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil seo a dhéanamh faoi Airteagal 11a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. De bhun na forála sin, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair a liostaítear ann ar feadh tréimhse cúig bliana ón 26 Iúil 2019 agus ní mór don Choimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta naoi mí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana sin.

Mar a leagtar amach in Airteagal 11a(2), cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 8(3), pointe (a), agus Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh 853/2004 a ghlacadh.

Leagtar síos le hAirteagal 11a(2) den Rialachán sin go gcuirfear síneadh go hintuigthe le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhsí comhfhaid, ach amháin i gcás ina gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle i gcoinne an tsínidh sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse, agus in Airteagal 11a(3) luaitear go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 8(3), pointe (a), agus Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chúlghairm tráth ar bith.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe trí na gníomhartha tarmligthe seo a leanas a ghlacadh, trí úsáid a bhaint as an gcumhachtú faoi Airteagal 10(1):

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2192 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an marc aitheantais atá le húsáid i gcás táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann[1];

[1] IO L 434, 23.12.2020, lch. 10.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1374 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch[2] i ndáil le cáis, marú éigeandála, seamlais shoghluaiste, reo feola…
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh, le huibheacha agus le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha áirithe[3];
- Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2023/166 an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena gceartaítear an leagan Fraincise d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch[4] a mhéid a bhaineann le héagmais oibleagáide maidir le goilí a fholmhú, a scalladh nó a thuar.

Níor baineadh úsáid as an gcumhachtú faoi Airteagal 3(2) ar feadh na tréimhse tuairiscithe toisc nach ndearnadh aon iarraidh ar an gCoimisiún maidir le substaint a údarú seachas uisce óil chun éilliú a bhaint de dhromchla táirgí de bhunadh ainmhíoch a bhfuil tuairim fhabhrach EFSA acu.

Níor baineadh úsáid as an gcumhachtú faoi Airteagal 8(3), pointe (a) ar feadh na tréimhse tuairiscithe toisc nach raibh aon ghá na ceanglais maidir le ráthaíochtaí speisialta a oiriúnú.

Níor baineadh úsáid as an gcumhachtú faoi Airteagal 10(2) ar feadh na tréimhse tuairiscithe toisc nach raibh aon ghá maoluithe a dheonú ar Iarscríbhinní II agus III.

Tá an Coimisiún ag ullmhú Rialachán Tarmligthe faoi láthair lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 853/2004 a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha maidir le feoil, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha áirithe.

4. CONCLÚID

De réir an Choimisiúin, ní mór síneadh ama a chur leis na cumhachtuithe a thugtar dó faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, i gcomhréir le hAirteagal 11a(2) den Rialachán sin, toisc go bhféadfadh sé gur ghá dó gníomhú sna réimsí éagsúla sa todhchaí. Beidh an síneadh ama a chuirtear le tarmligean na gcumhachtaí tábhachtach go háirithe chun an tsolúbthacht is gá sa chreat dlíthiúil seo a sholáthar, chun an creat a chomhlánú agus a choigeartú go tráthrialta, agus an taithí a fhaigheann oibreoirí gnólachtaí bia nó údaráis inniúla, an taithí a fhaigheann an Coimisiún, na forbairtí teicneolaíochta, an chomhairle eolaíoch agus athruithe sa phatrún

[2] IO L 297, 20.8.2021, lch. 1.
[3] IO L 299, 18.11.2022, lch. 5.
[4] IO L 24, 26.1.2023, lch. 1.

tomhaltais á gcur san áireamh go háirithe. Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 11a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.